C/2025/945

10.2.2025

Achoimre ar Chinneadh ón gCoimisiún

an 16 Deireadh Fómhair 2024

maidir le cinneadh de bhun Airteagal 17(3) de Rialachán (AE) Uimh. 2022/1925

(CÁS DMA.100041 – X – SEIRBHÍS LÍONRAITHE SHÓISIALTA AR LÍNE)

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2024) 6950)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

(C/2025/945)

An 16/10/2024 ghlac an Coimisiún cinneadh de bhun Airteagal 17(3) de Rialachán (AE) 2022/1925. I gcomhréir le forálacha Airteagal 44 de Rialachán (AE) 2022/1925 [1]*, foilsíonn an Coimisiún leis seo ainmneacha na bpáirtithe agus príomhábhar an chinnidh, ag féachaint do leas dlisteanach gnóthas maidir lena rúin ghnó a chosaint.*

1. RÉAMHRÁ

Leagtar amach i gcinneadh an Choimisiúin ('an Cinneadh') na cúiseanna ar ar a mbonn nach n-ainmníonn an Coimisiún, tar éis a imscrúdaithe margaidh de bhun Airteagal 17(3) de Rialachán (AE) 2022/1925 (An Gníomh um Margaí Digiteacha), Musk Group mar gheatóir de bhun Airteagal 3 den Ghníomh um Margaí Digiteacha i ndáil lena chroísheirbhís ardáin líonraithe shóisialta ar líne X, cé go gcomhlíontar na tairseacha cainníochtúla a leagtar amach in Airteagal 3(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha.

2. NÓS IMEACHTA

Tar éis an fhógra ó X Holdings Corp. an 1 Márta 2024, sheol an Coimisiún litir chuig an Uasal Elon Musk, inar thángthas ar an gconclúid nach ndéanfaí eisean agus na heintitis uile atá faoina rialú díreach nó indíreach a ainmniú mar gheatóir de bhun Airteagal 3(4) den Ghníomh um Margaí Digiteacha i ndáil lena sheirbhís fógraíochta ar líne X Ads.

Trí chinneadh ar leithligh an 13 Bealtaine 2024, chuir an Coimisiún tús le himscrúdú margaidh de bhun Airteagail 16(1) agus 17(1) den Ghníomh um Margaí Digiteacha chun measúnú a dhéanamh ar ar cheart Musk Group a ainmniú mar gheatóir, i ndáil lena chroísheirbhís ardáin líonraithe shóisialta ar líne X.

Sa chinneadh sin, bhí an Coimisiún den tuairim gur chuir X Holdings Corp. argóintí áirithe i láthair a bhí, nuair a bhreithnítear iad le chéile, cuí-réasúnaithe go leordhóthanach chun na toimhdí a leagtar síos in Airteagal 3(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha maidir leis an gcroísheirbhís ardáin sin a thabhairt faoi cheist go follasach.

An 9 Lúnasa 2024 ghlac an Coimisiún lena réamhthorthaí san imscrúdú margaidh de réir Airteagal 17(3) den Ghníomh um Margaí Digiteacha. Chuir an Coimisiún na réamhthorthaí in iúl don Uasal Elon Musk agus thug sé an deis dó éisteacht a fháil de bhun Airteagal 34(1) den Rialachán sin. D'fhreagair X Holdings Corp. an 23 Lúnasa 2024.

I gcomhréir le hAirteagail 17 agus 50(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, chuathas i gcomhairle le Coiste Comhairleach na Margaí Digiteacha agus d'eisigh sé a thuairim dhearfach an 4 Deireadh Fómhair 2024.

3. CREAT DLÍTHIÚIL

Leis an nGníomh um Margaí Digiteacha bunaítear tacar de chritéir oibiachtúla atá sainithe go cúng chun ardán mór ar líne a cháiliú mar gheatóir. Tá ainmniú le déanamh i ndáil le croísheirbhís ardáin amháin nó níos mó ná sin a sholáthraíonn an gnóthas, ar croísheirbhísí ardáin iad atá ina dtairseach thábhachtach d'úsáideoirí gnó chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (b) den Ghníomh um Margaí Digiteacha. Chun a chinneadh an croísheirbhís ardáin í seirbhís a sholáthraíonn gnóthas a chomhlíonann an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (b) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, is gá, mar réamhchéim, an tseirbhís i gceist a cháiliú agus a shonrú. Maidir le croísheirbhísí ardáin a cháiliú agus a theorannú, is critéir ábhartha í an chríoch dá n-úsáideann úsáideoirí deiridh nó úsáideoirí gnó nó an dá chineál úsáideoirí an tseirbhís.

[1] Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (An Gníomh um Margaí Digiteacha), IO L 265, 12.10.2022, lgh. 1.

De réir Airteagal 3(1) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, tá an Coimisiún le gnóthas a ainmniú mar gheatóir má chomhlíonann an gnóthas na trí cheanglas charnacha seo a leanas: (a) tá tionchar suntasach aige ar an margadh inmheánach; (b) soláthraíonn sé croísheirbhís ardáin atá mar thairseach thábhachtach ag úsáideoirí gnó chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh; agus (c) tá suíomh daingnithe marthanach aige ina chuid oibríochtaí nó tá sé intuartha go mbeidh suíomh den sórt sin aige go luath. Le hAirteagal 3(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, leagtar síos toimhde go gcomhlíontar na ceanglais sin i gcás ina sásaítear tairseacha cainníochtúla áirithe, go háirithe maidir le láimhdeachas nó caipitliú margaidh na cuideachta chomh maith le líon úsáideoirí deiridh agus úsáideoirí gnó croísheirbhísí ardáin ar leith i ngach ceann de na 3 bliana airgeadais deiridh.

De bhun Airteagail 3(5) agus 17(3) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, maidir le gnóthas a sholáthraíonn croísheirbhísí ardáin lena sásaítear na tairseacha a leagtar amach in Airteagal 3(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, agus a bhfuil argóintí a bhfuil bunús leordhóthanach leo curtha i láthair aige i gcomhréir le hAirteagal 3(5) den Ghníomh um Margaí Digiteacha a chaitheann amhras go follasach ar na toimhdí a leagtar amach in Airteagal 3(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, féadfaidh an Coimisiún imscrúdú margaidh a dhéanamh chun scrúdú a dhéanamh féachaint an gcomhlíonann an gnóthas sin, mar sin féin, na critéir in Airteagal 3(1) den Ghníomh um Margaí Digiteacha. I gcomhréir le torthaí an imscrúdaithe margaidh, glacann an Coimisiún le frisnéis gnóthais nó diúltaíonn sé di agus, dá bhrí sin, ainmníonn sé nó ní ainmníonn sé an gnóthas mar gheatóir de réir bhrí an Ghnímh um Margaí Digiteacha.

4. **MEASÚNÚ AN CHOIMISIÚIN**

Tar éis do X Holdings Corp. fógra a thabhairt agus na n-imscrúduithe margaidh arna ndéanamh ag an gCoimisiún de bhun Airteagail 17(3) agus 3(5) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, ní ainmníonn an Coimisiún Musk Group mar gheatóir maidir lena sheirbhís líonraithe shóisialta ar líne X, toisc nach tairseach thábhachtach í an tseirbhís sin d'úsáideoirí gnó chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(b) den Ghníomh um Margaí Digiteacha. Tá conclúid an Choimisiúin bunaithe ar na cúiseanna seo a leanas arna mbreithniú le chéile.

Ar an gcéad dul síos, deimhnítear san imscrúdú margaidh scála measartha beag X maidir leis an líon úsáideoirí deiridh i gcomparáid le seirbhísí móra líonraithe shóisialta ar líne eile. De réir roinnt foinsí arna n-athbhreithniú, tá níos lú úsáideoirí deiridh ag X ná mar atá ag na seirbhísí líonraithe shóisialta ar líne uile eile a ainmníodh go dtí seo. Cé go mbraitheann difríochtaí coibhneasta sa líon úsáideoirí deiridh ar an bhfoinse sonraí agus ar an modheolaíocht fholuiteach, difríochtaí móra atá i gceist ar fud na bhfoinsí uile. Deimhnítear treocht laghdaitheach sna sonraí freisin maidir le X.

Ar an dara dul síos, deimhnítear san imscrúdú margaidh go nglacann úsáideoir deiridh X páirt níos lú sa tseirbhís líonraithe shóisialta ar líne sin ná mar a ghlacann siad in seirbhísí móra líonraithe shóisialta ar líne eile a liostaíodh i gcinntí ainmniúcháin geatóirí cheana féin. Measann an Coimisiún gur bonn iontaofa é rannpháirtíocht úsáideoirí deiridh chun measúnú a dhéanamh ar chumas úsáideoirí gnó X a úsáid mar thairseach thábhachtach chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh.

Ar an tríú dul síos; deimhnítear san imscrúdú margaidh ábharthacht theoranta agus laghdaitheach X d'úsáideoirí gnó chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh.

Is é a tháinig as torthaí an Choimisiúin ar na trí phointe thuas, nuair a bhreithnítear iad le chéile, gur thángthas ar an gconclúid nach tairseach thábhachtach í X d'úsáideoirí gnó chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(b) den Ghníomh um Margaí Digiteacha.

5. **CONCLÚID**

Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, leis an gCinneadh cuirtear deireadh leis an imscrúdú margaidh a tionscnaíodh le cinneadh C(2024)3117 an 13 Bealtaine 2024 ar an tseirbhís líonraithe shóisialta ar líne X, trína chinneadh nár cheart Musk Group a ainmniú mar gheatóir de bhun Airteagal 3(4) de Rialachán (AE) 2022/1925 i ndáil lena chroísheirbhís ardáin líonraithe shóisialta ar líne X.

Tá an chonclúid sin gan dochar don fhéidearthacht go bhféadfaidh an Coimisiún an Cinneadh sin a athbhreithniú nó a leasú, de bhun Airteagal 4(1) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, i gcás ina mbeadh aon athrú substaintiúil ar aon cheann de na fíorais ar a bhfuil sé bunaithe, nó má bhí an Cinneadh sin bunaithe ar fhaisnéis neamhiomlán, mhícheart nó mhíthreorach.